An tSeirbhís Phromhaidh

The Probation Service

Tuarascáil Bhliantúil 2009

An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

2009

An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

Clár

RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA 4

EOCHAIR-RATHA 2009 6

OIBRÍOCHTAÍ 8

TAIGHDE, OILIÚINT AGUS FORBAIRT 4

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA 17

AGUISINÍ

AGUISIN 1 – CAIRT EAGRAÍOCHTÚIL/FOIREANN 22

AGUISÍN 2 – AIRGEADAS 24

AGUISÍN 3 – GLUAIS TÉARMAÍOCHTA 26

AGUISÍN 4 – STAITISTICÍ 28

AGUISÍN 5 – SEIRBHÍS PHOBAIL 2009 33

AGUISÍN 6 – EAGRAÍOCHTAÍ POBALBHUNAITHE 35

Réamhrá An Stiúrthóra

Cuirtear Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh 2009 faoi bhráid an Uasail Dermot Ahern, T.D., An tAire Dlí agus Cirt, Comhionnais agus Athchóirithe Dlí in aghaidh chúlra thimpeallacht eacnamaíoch athraithe, a éilíonn gach gné dár dtírdhreach um sheachadadh seirbhíse a scrúdú agus tosaíochtaí soiléire a aontú.

I rith 2009 agus tar éis comhairle a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnais agus Athchóirithe Dlí, d'aontaigh muid acmhainní a dhíriú ar chuspóirí tosaíochta na Seirbhíse maidir le maoirseacht ar chiontóirí meánriosca go hardriosca agus na ciontóirí ar a bhfuil sainordú reachtach agus dualgais:-

- Ógánaigh
- Maoirseacht um Órdú Promhaidh
- Seirbhís Phobail
- Maoirseacht Iar-Choimeádta

Tá sé ríthábhachtach go ndíreoimid ár acmhainní foirne ar an áit a d'fhéadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar choiriúlacht a laghdú agus tuilleadh íospartach na coireachta a chosc.

In ainneoin na ndúshlán a tharla mar gheall ar acmhainní foirne laghdaithe, rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí seo a leanas:-

- Obair leis na Cúirteanna agus an tSeirbhís Chúirteanna maidir le atreoruithe do mheasúnú agus maoirseacht a chur in ord tosaíochta.
- Na heochairghrúpaí laistigh de choimeád a shainaithint le Seirbhís Príosún na hÉireann le haghaidh idirghabháil phromhaidh.
- Moltaí Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Polasaí ar ár dTionscadail Chistithe a foilsíodh i 2008 – a sheachadadh.
- Samhail fhreagartha nua do sheachadadh Sherbhís Phobail a dhréachtú tar éis fhoilsiú Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Polasaí.
- Comhoibriú lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtithe i bhforbairt agus seachadadh fhreagra ilghníomhaireachta maidir le bainistiú chiontóirí ardriosca agus gnéis.
- Freagraí nuálacha a chruthú chun dul i ngleic le dúshláin chiontóirí óga laistigh de chomhthéacs Achta na Leanaí 2001.

Treoraíonn ár ngréasán do "Mhaoirseacht Chiontóirí Éifeachtacha", a forbraíodh, a lainseáladh agus a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana, leithdháileadh agus bainistíocht oibre agus is ea na gnéithe a leanas a théann i gcion orthu – sábháilteacht phoiblí, riosc athchiontaithe a laghdú, leasa dóchúla don phobal a bhaineann le maoirseacht chiontóirí agus úsáid éifeachtach d'acmhainní.

Leanann ár saothar “Uile-Éireannach” ar aghaidh ag úsáid clár Ghrúpa Comhairle um Chosaint Phoiblí, oibríonn muid go laethúil leis an mBord Promhaidh Thuaisceart na hÉireann i maoirsiú chiontóirí.

Is ionann comhoibriú agus obair go héifeachtach agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Seirbhise Promhaidh as ucht a bhfuinneamh agus a dtiomantas diongbháilte i rith 2009, lenár ngníomhaireachtaí páirtithe laistigh agus lasmuigh de theaghlach an Chirt araon, lenár gcomhghleacaithe ar an mBord Promhaidh Thuaisceart na hÉireann agus ar fud na hEorpa.

Ní féidir obair na Seirbhíse Promhaidh ar bith a dhéanamh gan tacaíocht ár Rannóige agus go háirithe, Roinn Pholasaí um Phromhadh agus Priosúin.

I 2010, beidh dúshláin nua, agus níl dabht ar bith agam ago bhfuil an tSeirbhís Promhaidh réidh chun dul i ngleic leo.



Micheal Donnellan, Stiúrthóir, 25ú Bealtaine, 2010

Eochair-ratha i 2009

- I rith na bliana, d'forbair an tSeirbhís gréasán le haghaidh 'Mhaoirseacht Éifeachtach ar Chiontóirí' chun ár n-idirghabhála a chur in ord tosaíochta bunaithe ar riosca díobhála agus athchiontaithe a mheas agus a bhainistiú. Ceadaíonn an gréasán seo don tSeirbhís obair reachtúil le ciontóirí meánriosca agus ardriosca, iad ar Sheirbhís Phoiblí agus ciontóirí óige a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a úsáid dá réir sin.

- Thionóil an tSeirbhís cruinniú saineolacha de chuid CEP - Eagraíocht Phromhaidh na hEorpa ar "Fheidhmiú Chinneadh Gréasáin ar Aistriú Mhaoirseacht Phromhaidh".

- Bunaíodh an deasc idirnáisiúnta ag soláthar pointe theagmháil fheidhmiúcháin aonair chun na fiosrúcháin go léir chuig agus ón tSeirbhís a chomhordú agus a rianú le dlínsí eile maidir le ciontóirí. Tá modhanna oibrithe soiléire agus seoladh ríomhphoist thiomnaithe ag an bpointe teagmhála seo, a foilsíodh anseo agus go hidirnáisiúnta.

- Dearadh agus seachadadh clár "Thraenáil Tuiscint Idirchultúrtha" do níos mó ná 300 ball foirne idir Meán Fómhair agus Nollaig 2009.

- D'fhorbair samhail nua na Seirbhíse Pobail a ndeachaigh "Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Polasaí" i gcion air ag an Seirbhís Phromhaidh.

- Rinneadh athbhreithniú, measúnú agus leathnú ar an tionscadal píolótach um Bhaint Amach Graifití i gcomhpháirt leis an údarás áitiúil agus le comhphobail i nDeisceart Bhaile Átha Cliath i 2009.

- Leathnaíodh bunú na n-Ionad Lae i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath ár n-obair le daoine óige. Neartaíonn seo soláthar smachtbhannaí pobalbhunaithe ar dhaoine óige a atreoraíodh chuig YPP faoi Acht na Leanaí 2001, (arnu leasú).

OIBRÍOCHTAÍ

1

Oibríochtaí

Is é príomhobair na Seirbhíse Promhaidh ná ciontóirí a mheasú agus a bainistiú. Oibríonn an tSeirbhís chun athchiontú a laghdú, pobail a neartú agus iarchiontóirí a tacú chun beathaí níos fearr a bheith acu. I rith 2009, chríochnaigh an tSeirbhís measúnuithe ar 8,273 ciontóirí ar son na gCúirteanna agus mhaoirsigh sé beagach 11,000 ciontóirí sa Phobal.

I rith na bliana, d'fhorbair an tSeirbhís gréasán le aghaidh "Mhaoirseacht Éifeachtach ar Chiontóirí" chun ár n-idirghabhála a chur ar bun tosaíochta bunaithe ar riosca díobhála agus athchiontaithe a mheas agus a bhainistiú. Ceadaíonn an gréasán seo don tSeirbhís obair reachtúil le ciontóirí meanriosca agus ardriosca, iad ar Sheirbhís Phobail agus ciontóirí óga a chur in ord tosaíochta, agus acmhainní a úsáid dá réir.

Tá an tasc seo tacaithe ag polasaithe, reachtaíocht agus ár n-eolas ar chleachtais phromhaidh éifeachtacha agus glactha de láimh i gcomhairle le páirtithe leasmhara cuí, an Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tSeirbhís Chúirteanna agus na Bhreithiúna.

Treoraíonn an gréasán leithdháileadh agus bainistíocht oibre agus tá sé treoirithe ag na tosca seo:

- Sábháilteacht Phoiblí;
- Athchóiriú a laghdú;
- Tairbhe dhóchúil a bhaineann le mhaoirseacht sa Phobal agus
- Úsáid éifeachtach acmhainní.

Baineann an gréasán seo le obair na bhfoireann go léir ag soláthar sheirbhís phromhaidh líne tosaigh. Cuimsíonn seo gach ceantar pobail do dhaoine fásta, Réigiún na bPríosún agus Promhadh na nDaoine Óga. D'fhorbair comhthionscnamh bainistíochta de chuid Sheirbhís Promhaidh-Bord Promhaidh Thuaisceart na hÉireann cur chuige tras-seirbhíse i leith bhainistíocht chiontóirí ísealriosca agus ceadaíonn sé don tSeirbhís díriú níos mó ar obair thosaíochta.

Tá beart tosaíochta na n-acmhainní tacaithe a thuilleadh ag ionchorprú uirlis Mheasúnú Riosca sa chóras rianaithe leictreonach um chás ciontóra. Ceadaíonn seo eolas bainistíochta maidir le leibhéil riosca na gciontóirí a mheas ar bhonn foirne, réigiúnach agus náisiúnta. Rinneadh sonraíochtaí tosaigh chun a chinntiú go mbeidh eolas fíor-ama ar ualaigh cháis go laethúil ar fáil do gach bainisteoir.

Cuiread traenáil agus nósanna imeachta oibríochtúla i bhfeidhm go náisiúnta chun an fhoireann a chuidiú chun freagairt do fhoréigean teaghlaigh agus thosaigh nosanna imeachta um bhainistíocht chiontóirí gnéis i mBaile Átha Cliath. Nuashonraíodh treoirlínte cleachtais maidir le obair a dhéanamh le ciontóirí a bhfuil baint acu le mí-úsáid dhochrach alcóil agus drugaí.



Bhí rannpháirtíocht láidir lenár gcontrapháirteanna Éorpacha le linn 2009. Ar an 8ú agus an 9ú Meán Fómhair 2009, thionóil an tSeirbhís Phromhaidh i gcomhoibriú leis an Eagraíocht Eorpach Um Phromhadh – CEP, cruinniú saineolaíoch ar "Fheidhmiú Chinneadh Gréasán EU ar Aistriú Mhaoirseacht Phromhaidh." D'fhreastail 41 baill ó 23 tíortha ar an gcruinniú seo. Ceadóidh an Cinneadh Gréasáin seo do Chúirteanna órdú neamhchoinneála a fhorchur le coinníollacha, maoirsiú san áireamh, a chuirfear i bhfeidhm i dtír bhaile an chiontóra a ciontaíodh thar lear, ag feabhsú ionchais athshlánaithe mar seo.

Bunaíodh pointe teagmhála oibrithe aonair chun gach fiosrúchán chuig agus ón tSeirbhís a chomhordú agus a rianú le dlínsí eile maidir le ciontóirí. Tá nósanna imeachta oibríochtúla soiléire agus seoladh ríomhphoist tiomanta ag an bpointe teagmhála seo, an 'Deasc Idirnáisiúnta'.

Rinneadh obair reatha i rith na bliana chun nascanna le páirtithe leasmhara a neartú chun tionchar stráitéisí na Seirbhíse a bharrfheabhsú maidir le sábháilteacht phoiblí a fheabhsú agus éifeachtacht a chinntiú. Neartaíodh nascanna idirghníomhaireachta, trasna rannóga reachtúla, pobail agus deonacha go léir a thuilleadh. Ar leibhéal straitéiseach, rinneadh plé le FÁS agus an HSE chun comhoibriú a chinntiú agus úsáid acmhainní is fearr. Ghlac an tSeirbhís páirt ar Choistí Réigiúnacha um Fhoiréigean Teaghlaigh agus thug sí don Straitéis Náisiúnta Cosc. Ar leibhéal réigiúnach agus foirne, ghlac an tSeirbhís páirt ghníomhach i réimse leathan coistí idirghníomhaireachta, ag obair ar phríomhspriocanna atá tionchar acu ar chiontú mar shampla andúil, easpa dídine agus fhostaíocht & traenáil. Rinneadh dul chun cinn in obair comhoibrithe leis an nGarda Síochána i réimsí Cheartas Óige agus bhainistíocht chiontóirí ardriosca.

Promhadh Daoine Óga (YPP)

Sholáthar an Rannóg 1098 tuarascáil athbhreithniú chiontóirí do na cúirteanna i rith 2009. Rinneadh 844 ordú ina iomláine faoi mhaoirseacht na cúirte maidir le daoine óga.

Glacadh réimse tionscnamh maidir le obair a dhéanamh le ciontóirí ogá agus a dteaghlaigh mar chúram i rith na bliana, i gcomhar le Seirbhís Cheartais Óige na hÉireann agus a gcomhpháirtithe. Le linn 2009, lean oifigigh YPP ar aghaidh ag oibriú ó dhea-chleachtas agus pheirspictíocht fhianaisebhunaithe. Trí phrionsabail um cheartas aisiríoch a úsáid, bhunaigh YPP grúpa oibre agus d'fhorbair sé plean oibre dhá-bhliain. Soláthraíodh dhá chlár oibre chognaíoch iompraíochta ar a dtugadh BOP (Clár um Chiontú a Bhuaileadh) freisin sa bhliain seo.

Mhéadaigh bunús Aonaid Lae i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, soláthar chláracha tuismitheoireachta agus leathnú meantóireachta réimse roghanna le húsáid ag Cúirteanna faoi Acht na Leanaí 2001 (arna leasú).

Lean an Fhoireann Phromhaidh in Institiúid Naomh Phádraig le cur chuige trí-chúraim a fhorbairt chun athimeascadh dhaoine óga sa Phobal a éascú.

Ghlac an tSeirbhís páirt ar Choistí Cúraim Leanaí i gCathair Bhaile Átha Cliath, mBaile Átha Cliath Theas, Luimneach agus dTír Chonaill, ag cur le cur chuige comhleanúnach i bhforbairt fhreagra ilghníomhaireachta chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus dhaoine óga. Ionadaítear an tSeirbhís ar Ghrúpa Náisiúnta um Fheidhmiú Seirbhísí Leanaí.

Seirbhís Phobail

Soláthríonn Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Phobail) 1983 do fheidhmiú idir 40 agus 240 uair oibre gan pá sa phobal ag duine 16 bliain nó níos mó, a ciontaíodh as coir, ar a mbeadh pianbhreith choimeádta láithreach mar phionós cuí agus a thug a t(h)oiliú don Chúirt. Is saghas cúitimh sofheicthe agus éifeachtach é ag ciontóirí ar son leas díreach an Phobail as ucht dochar agus damáiste a gcion.

I 2009, ba é €2.444m soláthar bhuiséad na Seirbhíse Phromhaidh do Sheirbhís Phobail chun tuarastail Stiúrthóir um Sheirbhís Phobail chomh maith le soláthar threalaimh riachtanaigh agus costais ghaolmhara. Rinneadh 1,667 Ordú Seirbhíse Pobail sna Cúirteanna i 2009 ag soláthar iomlán de 252,399 uair obair Seirbhíse Pobail ar son leasa na bpobal. Chuimsigh péintéireacht, maisiúchán agus tírdhreachú san obair a rinne ciontóirí ar Orduithe Seirbhíse Pobail.

De bhrí Tuarascáil na Rannóige Um Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Sheirbhís Phobail, a fhoilsíodh i 2009, bunaíodh foireann tionscadal na Seirbhíse Phromhaidh, bainisteoir shinsireach a bhí ar bharr na foirne, chun moltaí an tuarascála a bhaint amach. I ndiaidh comhairliúchán forleathan rinne foireann tionscadal na Seirbhíse Phromhaidh “Samhail Nua do Sheirbhís Phobail” a bheidh mar Threoirphlean do sholáthar an réimreachta seo go náisiúnta.





I rith 2009, tháinig an tionscadal píolótach um bhaint amach graifítí i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath ag tairg tionscnaimh chost-éifeachtúil ag soláthar taibhe sofheicthe do phobail. Chomh maith leis sin, críochnaíodh scéim phíolótach do fhilleadh níos éifeachtúla agus níos tapiúla chuig an Chúirt do chiontóirí nach gcomhoibríonn le horduithe seirbhíse pobail i mBaile Átha Cliath. Beartaítear macasamhlú an chórais seo go náisiúnta.

Ciontóirí Ardriosca agus Gnéis

Lean an tSeirbhís le ról láidir a bheith aici i bhforbairt uirlis mheasúnachta riosca uile-Éireannach chomh maith le socrúcháin bhainistíocht riosca do chiontóirí ardriosca. Glacadh páirt i dtraenáil chomhpháirteach leis an nGarda Síochána, Bord Promhaidh Thuaisceart na hÉireann agus an Riocht Aontaithe. Ghlacamar páirt ar Choiste Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar bhainistíocht chiontóirí ardriosca. D’fhorbair muid dlúthchaidrimh freisin leis an nGarda Síochána a d’éascaigh don tSeirbhís a páirt a ghlacadh i mbainistíocht chiontóirí ardriosca.

D'oibrigh muid go gairid le heagraíochtaí maoinithe pobalbhunaithe i rith 2009 chun obair na Seirbhíse i mbainistíocht chiontóirí gnéis a fheabhsú, go háirithe i réimsí cóireála, traenála agus fostaíochta agus cóiríochta.

Príosúnaigh

Spreag líon na bpríosúnach agus úsáid mhéadaithe Orduithe Mhaoirsiú Píonóis Pháirtfhionraithe ag Cúirteanna prótacail oibrithe bhreise a fhorbairt le Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS). D'oibrigh muid go gairid leis an IPS ag diriú an chuid is mó dár n-acmhainní ar chatagóirí tosaíochta aitheanta um Sheirbhís Phromhaidh, chomh maith le cúnamh dearfach a thabhairt do fhorbairt leantach Bhainistíocht Phíonóis Chomhtháite.

Eagraíochtaí Pobalbhunaithe (CBOanna)

Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh le pobail chun ciontóirí a mhaoirsiú agus chun iompar ciontaithe a laghdú. Mar chuid den chur chuige rannpháirtíochta seo, soláthraíonn an tSeirbhís maoiniú agus tacaíocht d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe chun fiúntas a chur le bainistíocht na gciontóirí sa phobal. I gcomhar le maoinitheoirí stáit chomhpháirteacha, rinne an tSeirbhís athbhreithnithe ar shampla de CBOanna chun scóip a shainaithint chun éifeachtúlachtaí i maoiniú, oibriú agus treoir don todhchaí a mhéadú. Dé bharr an phróiséis seo, tá athruithe ar chleachtais agus coigiltí airgeadais. Aithníonn an tSeirbhís nach bhféidir le obair riachtanach na n-eagraíochtaí pobalbhunaithe a dhéanamh gan tiomantas agus díograis na ndeonacha ar Boird Bhainistíochta na n-eagraíochtaí éagsúla.

I 2009, úsáideadh €18.001m, a sheasann do 35% d'ollchaitheachas na Seirbhíse Promhaidh de €51.796m, chun caipiteal agus maoiniú oibrithe a sholáthar do réimse tionscadail phobalbhunaithe ar fud na tíre. Chuireadh Próiséas an Phlean Gnó do 2009 i bhfeidhm mar a phleanáleadh. Moladh cinntí maidir le leithdháileadh deontais agus cuspóirí ascurtha cuí do 2009 do CBOanna agus bainisteoirí Seirbhíse Promhaidh cuí roimh spriocdháta. Baineadh amach comhaontaithe maoinithe críochnaithe agus sínithe de réir leithdháilte deontais. Soláthraítear tuarascála shonraí oibrithe leictreonacha ar gach CBO gach mí anois don Aonad Um Chláracha Pobail agus do bhainisteoirí na Seirbhíse Promhaidh cuí. Soláthraítear tuarascála airgeadais mhionsonraithe ar gach CBO go ráithiúil don Aonad Um Chláracha Pobail.

Tar éis Foireann Tionscadail a bhunú chun obair a dhéanamh leis na heagraíochtaí pobalbhunaithe, críochnaíodh gach moladh tosaíochta a imlíonadh in Athbhreithniú Tionscadail Phromhaidh um Luach ar Airgead agus Polasaí i rith na bliana. Cuireadh an obair seo chun cinn a thuilleadh trí bhainistíocht, rialachas agus córais measúnaithe fheabhsaithe a fhorbairt.

Rinneadh iniúchóireacht ar roinnt cláracha pobalbhunaithe arna maoiniú ag an tSeirbhís, cuireadh moltaí athbhreithniú Áiseanna Cónaithe Phromhaidh do Dhaoine Fásta i bhfeidhm agus maoiníodh tionscadal nua, dírithe ar chiontóirí ardriosca a athlonnú ar bhonn píolótach. Cuireadh moltaí Thuarascáil Deireanach Athbhreithniú Áiseanna Cónaithe Phromhaidh do Dhaoine Fásta, a foilsíodh i Deireadh Fómhair 2008 i bhfeidhm. Rinne Teach PACE Priorswood agus Tús Nua, iad araon i mBaile Átha Cliath obair in éineacht leis an tSeirbhís agus an tAonad Um Chláracha Pobail chun a oibrithe a fhorbairt de réir moltaí an Tuarascáil Athbhreithnithe.

Críochnaíodh tógáil ar an Ionad Traenála Tivoli le aghaidh ciontóirí agus iarchiontóirí i Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

TAIGHDE, OILIÚINT AGUS FORBAIRT

2

2

Taighde, Oiliúint & Forbairt

Cothaíonn an Stiúrthóireacht um Oiliúint, Taighde agus Forbairt cultúr na foghlama leantach, ag tabhairt tacaíochta agus breisoiliúint don bhfoireann chun dul i ngleic le dúshláin atá os comhair na heagraíochta. Forbraíodh agus seachadadh na gníomhaíochtaí de réir plean oibre na Seirbhíse.

Ba iad na príomhtosaíochtaí do 2009 ná:

- Cláracha foghlama a dearadh, a seachadadh agus a chomhordú chun forbairt ghairmiúil leantach na foirne go léir a fheabhsú.

- Taighde cuí a shainaithint, a chomhordú a théann i gcion ar idirghabhála éifeachtacha fianaisebhunaithe.

- Forbairt tionscnaimh pholasaí a thacú agus a fhoirmiú.

De réir cuspóirí na Seirbhíse chun ardchaighdeán measúnaithe agus maoirseacht ciontóirí agus idirghabhála bunaithe ar fhianaise a chinntiú, sholáthair 90 clár traenála i rith na bliana. Seachadadh trí chlár traenála ar mheasúnú riosca ciontóirí gnéis i gcomhar le Bainisteoir Chóras Ceartais Choiriúil na hAlban. Bhí rochtain ag an bhfoireann freisin ar réimse deiseanna traenála seachtracha agus thosaigh 20 ball foirne ag staidéar i Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar chlár máistir, chun "Cáilíocht Náisiúnta in Obair Shóisialta" a bhaint amach.

Baineadh ardtosaíocht amach sa phróiséas insealbhaithe. Tionóladh imeachtaí traenála dírithe ar dea-chleachtas i bhfeidhmiú polasaithe agus cleachtais a bhaineann leis an ordú promhaidh don bhfoireann ar fud na tíre.

Rannpháirtithe ag an gcúrsa insealbhú Sheirbhís Phromhaidh do bhainisteoirí

Don cheithre bhliain rinneadh cúrsa teastais um staidéir andúla inmheánaigh agus bhain 17 céimí creidiúnú amach ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad.

Sholáthair cúrsa traenála saincheaptha d'Oifigigh Chléireachais agus bhain 19 ball foirne riaracháin dioplóma i Staidéir Cheartais, arna riaradh ag an bhForas Riaracháin.



Sholáthair traenáil shaothair, Sláinte agus Sábháilteacht, Garchabhair agus Láimhsiú do Mhaoirseoirí na Seirbhíse Pobail san áireamh, ar bhonn náisiúnta.

Mar chuid de thiomantas na Seirbhíse chun traenáil a sholáthar chun scileanna agus cumas bainistíochta a neartú, sholáthair clár insealbhaithe saincheaptha ar a dtugadh "ceannaireacht agus oiliúint" do níos mó ná 9 bainisteoir. D'infheistigh an tSeirbhís i gclár traenála tiomanta freisin.

D'éascú réimse imeachtaí d'eagraíochtaí comhpháirtithe, seisiúin eolais ar obair na Seirbhíse, Agallóireacht Inspreagtha agus Idirghabhála Éifeachtacha le Ciontóirí Gnéis san áireamh.

Sholáthair ionchuir oiliúna ar Cheartas Coiriúil do Chláracha Máistir in Obair Shóisialta in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh, Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Trionóide. Sholáthair 45 ionadú cleachtais sa tSeirbhís do mhic léinn ollscoile ag staidéar an chláir mháistir in obair shóisialta.

Tionóladh turas staidéir de fhoireann, cheachtóirí agus bhainisteoirí ó Sheirbhís Phromhaidh na Laitvia i rith an tSamhraidh.

Dearadh agus seachadadh clár darbh ainm "Traenáil Feasachta ilchultúrtha" do níos mó ná 300 ball foirne idir Meán Fómhair agus Nollaig 2009.

Thosaigh pleanáil ar thógraí do thráchtais taighde chun a bheith críochnaithe ag mic léinn ar chlár máistir pháirtaimseartha, chun "Cáilíocht Náisiúnta in Obair Shóisialta" a bhaint amach. Moltar go roghnófar ábhair a fhoirmeoidh stráitéisí agus idirghabhála chun íospairt a chosc agus chun sábháilteacht phoiblí a mhéadú.

Forbraíodh gréasán "Riosca Díobhála" a chuimsíonn gach gné atá riachtanach do bhainistíocht éifeachtach chiontóirí a bhagraíonn díobháil dháiríre agus cuirfear i bhfeidhm é mar scéim phíolótach i rith 2010.

Léiríonn forbairt treoirlínte polasaí agus cleachtais ar Fhoréigean Teaghlaigh tiomantas na Seirbhíse chun a gcumas idirghabhála a fhorbairt a thuilleadh i réimse ciontóireachta coimpléasc seo. Dearadh pacáiste chun feasacht agus tuiscint a mhéadú agus chum feidhmiú an pholasaí a thacú.



Ionadaíodh an tSeirbhís ar an gCoimisiún Náisiúnta um Cheartas Aisiríoch a thug a tuarascáil deireanach don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i meán-samhradh agus foilsíodh é i mí na Nollag 2009. Cheap an tSeirbhís Comhordaitheoir um Sheirbhísí na n-Íospartach a theagmhaíonn le Oifig um Iospartaigh Coire sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Forbraíodh moltaí ar bhéim iomlán reachtaíocht Phromhaidh agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Soláthraíonn an chaipéis bonn soladach do reachtaíoch nua.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

3

3

Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha/Achmhainní Daonna bonn a éascaíonn ár bhfoireann seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt, atá bunúsach chun eagraíocht rathúil den tSeirbhís Phromhaidh. Is é ár bpríomhsprioc ná chun forbairt chórais agus strúctúir éifeachtúla agus éifeachtacha a fheabhsaíonn soláthar seirbhísí promhaidh a chinntiú go náisiúnta.

Tugadh buntaca dár n-obair i 2009 ag spriocanna straitéiseacha inár 4 eochair-réimsí, mar seo a leanas

- Acmhainní Daonna
- Bainistíocht Airgeadais
- Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide
- Timpeallacht Oibre Dearfach a Sholáthar

Acmhainní Daonna

I rith 2009, bhí an tSeirbhís Phromhaidh ag freagairt do dhúshláin a bhain leis an moratorium ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus na scéimeanna bainteacha. D'oibrigh an tAonad um Acmhainní Daonna go dlúth leis an bhfoireann go léir i mbainistíocht agus agus feidhmiú na Scéimeanna Rialtais éagsúla mar shampla sosanna gairme dreasaithe, roghanna luathscoir agus bhliain oibre níos giorra i 2009. Ba é an mhórcheist don tSeirbhis ná chun an fhoireann a éascú leas a bhaint as na deiseanna seo agus ag an am céanna é seo a chothromú leis na riachtanais eagraíochta i modh solúbtha agus cothrom. Tosaíocht don tAonad um Acmhainní Daonna ba ea é soláthar seirbhíse a choinneáil ar thús cadhnaíochta agus deiseanna a chuthú chun freagairt do thionscadail nua agus iad ag imlonnú na foirne i rith na bliana.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) tuarascáil iniúchta ar pholasaithe agus chleachtais earcaíochta agus agus roghnaíochta arna n-oibriú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i Meán Fómhair 2009. Chuimsigh an tuarascáil seo measúnacht ar fheachtas earcaíochta d'Oifigigh Phromhaidh a rinneadh in Iúil 2008 agus chuimsigh sé anailís shonraithe agus iniúchadh ar chleachtais agus nósanna imeachta an Aonaid um Acmhainní Daonna san fheachtas sin. Bhí an tuarascáil an-fhábhrach agus thuairiscigh sé go ndearnadh an próiséas earcaíochta d'ardchaighdeán de réir chód cleachtais CPSA le bunluachanna ionracais, cothroim, iontaofachta agus iompair eiticiúil á dtaispeáint i rith an phróiséis. Thug an tSeirbhís taispeántas freisin don Chomhdháil Agen um Earcaíocht agus Traenáil Chleachtóirí Promhaidh, comhtionóladh ag an CEP (Eacraíocht Phromhaidh na hEorpa) i mí na Nollag 2009. Tá an taispeántas ar fáil ar shuíomh idirlín CEP.

- **Ag Cothú Sholáthar Seirbhíse**

Aithníonn an tSeirbhís an luach a bhaineann le structúr riaracháin deafhorbartha a fheabhsaíonn soláthar seibhísí duine le duine. Bhuail an Grúpa Feidhmithe um Athbhreithniú Riaracháin, a bhí ionadaíocht aige ó gach ball foirne go leantach i 2009. Bailíodh plean gníomhaíochta a ionchorpraífear sa phlean oibre laethúil agus scaipeadh é i mí na Nollag 2009.

Ceann de mholtaí an Athbhreithniú Riaracháin seo ná soláthar traenáil tiomanta don bhfoireann riaracháin. Sholáthar an tAonad um Acmhainn, Traenáil agus Forbairt clár tiomanta d'oifigigh chléiriúla a thionóil i 3 réigiún sa chéad ráithe de 2009. Arna cheapadh ag an Aonad um Thraenáil agus Forbairt na státseirbhíse agus saincheaptha maidir le riachtanais na Seirbhíse, d'fhreastail 47 ball foirne ar an an gclár a thairgíodh do gach Oifigeach Cléiriciúil.

- **Timpeallacht oibre dearfach**

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta do thimpeallacht oibre dearfach agus carthanach a chur chun cinn go gníomhach. Bhuail an Coiste um Shábháilteacht Náisiúnta na Seirbhísí, atá ionadaíocht aige ón bhfoireann go náisiúnta, le chéile ó am go ham i rith 2009. Cuireadh Sláinte agus Sábháilteacht in ord tosaíochta agus tá sé ar chlár gnó gach cruinniú foirne feidhme ó leibhéal bainstíocht shinsearach go leibhéal foirne.

Déantear ionadaíocht don tSeirbhís ar Chuinniú an Choiste Stiúrtha um Shláinte agus Sábháilteacht an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus glacann sé páirt ghníomhach i gcruinnithe Ghréasán Eagraíochta um Éilimh Stáit, ag tionól cruinniú na Samhna 2009 san oifig Haymarket.

I rith 2009, comhtháthaíodh an Córas Bhainistíocht Fheidhmiúcháin agus Forbartha go hiomlán agus cuireadh ar chomhréim é le Córais Bhainistíocht Acmhainní Daonna eile, incrimintí, traenáil agus forbairt ghairme san áireamh. Oibríonn an t-Aonad um Acmhainní Daonna laistigh den Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha go dlúth leis na Stiúrthóireachtaí eile i bhfeidhmíocht agus bainistíocht an chórais PMDS trasna na gráid fhoirne. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an t-Aonad go dlúth chun forbairtí breise a thacú m.sh. an cúrsa Máistir modúlach in Obair Shóisialta, clár traenála um fheasacht idirchultúrtha atá ar fáil don bhfoireann.

Tá an tSeirbhís i ngleic leis an Aonad um Acmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go leantach i gceisteanna foirne aonair a láimhseáil nuair is gá.

Críochnaíodh athbhreithniú ar Scéim um Theagmhálaí Ainmnithe agus foilsíodh torthaí an tuarascála ar an táirseach ag tús 2009.

Cheap an tSeirbhís Oifigeach Idirchidrimh do dhaoine faoi mhíchumas chun an fhoireann a thacú. Feabhaíodh na tacaíochtaí eagraíochtúla agus teicniúla riachtanacha chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a éascú agus chun daoine fostaithe faoi mhíchumas atá cheana féin a thacú.

Feasacht Idirchultúrtha

Chuir an tSeirbhís cuspóir idirchultúrtha san áireamh mar chuid dá straitéis 2009 chun éagsúlacht a chuimsiú agus chun forbairt fheasacht idirchultúrtha agus dea-chleachtas. Thiomnaigh an tAonad um Acmhainní Daonna am agus acmhainní suntasach i stiúradh an ghrúpa stiúrtha i dtreo an cuspóir seo a bhaint amach.

Ceann de na heochairghníomhaireachtaí a gealladh ná suirbhé ar ciontóirí iasachta faoir mhaoirseacht na Seirbhíse sa Phobal ar an 1ú Bealtaine 2009. Críochnaíodh an suirbhé go ráthúil i gcomhar le foireann trasna na dtrí Stiúrthóireacht agus soláthraíodh tuarascáil ag imlíniú na heochairthorthaí. As na 8,246 ciontóir ar ualaigh oibre Promhaidh ar 1ú Bealtain 2009, ba náisiúnaigh iasachta 268 (3.26%) díobh. Foilsíodh an tuarasáil ina dhiaidh sin ar tháirseach na Seirbhíse. Úsáidtear torthaí an tsuirbhe seo chun dea-chleachtas i seachadadh Seirbhíse a fhoirmiú go náisiúnta.

Náisiúnaigh Iasachta – Barr 5 Tíortha

Seirbhís Phromhaidh



Forbraíodh clár traenála agus seachadadh é do gach ball foirne thar na seirbhíse leis na 3 cuspóir seo a leanas:

1. Feasacht ar éagsúlacht chultúrtha agus chiníochas a ardú
2. Fóram le haghaidh díospóireachta oscaile
3. Smaointeoireacht chriticiúil, eolas, diospóireacht a fhorbairt sa réimse seo.

Bainistíocht Airgeadais

Leithdháil an tSeirbhís Phromhaidh buiséad de €51,796,000 do 2009. Dhírigh an tSeirbhís ar chórais um bhainistíocht airgeadais a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh chun monatóireacht chaiteachais éifeachtúil a sheachadadh. Baineadh seo amach trí sholáthar tuarascála buiséid mhíosúla agus túarascála ráithiúla um bhainistíocht airgeadais do Bhainisteoirí na Seirbhíse. Sheachaid tuilleadh éifeachtúlachtaí trí lascainí ó sholáthraithe níos mó a idirbheartú, socrúcháin reatha a athbhreithniú agus gníomhú nuair is cuí agus costais a laghdú go gníomhach in eochairréimsí caiteachais.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tar éis an tábhacht a bhaineann le heolas cruinn a aithint, dhírigh an tAonad Faisnéise ar thuarascála bainistíochta, a bhí sainithe ag an úsáideoir agus gnáthaimh a fhorbairt i rith na bliana. Bhain seo le feabhsuithe cháilíocht shonraí a chur in ord tosaíochta ar Chóras Rianú Cás Ciontóirí na Seirbhíse Promhaidh. Trí úsáid a bhaint as bogearraí staitisteach comhtháite, soláthríonn an tAonad tuarascála don Bhainistíocht ar bhonn leantach. Tá bainistíocht ár bhfaisnéise lárnach dár gcinnteoireacht ar leibhéal straitéiseach, réigiúnach agus áitiúil.

Chun ár gcumarsáid a fheabhsú go náisiúnta, láinseáil tairseach nua-chuma ar Idirlíon na Seirbhíse Promhaidh ar 5ú Eanáir 2009. Tharla sé go raibh rath ar an tairseach a chinntiú go bhfuil Caipéisí Seirbhíse cuí ar fáil anois nuair a brútar cnaipe. Tacaíonn an t-áis seo ár straitéis chun ár gcumarsáid a fheabhsú go hinmheánach agus chun eolas a scaipeadh don bhfoireann ar bhonn leantach.



Gabháil scáileáin de thairseach idirlíne na Seirbhíse Promhaidh

AGUISÍNÍ



Appendix 1 – Organisational Chart



LÍON NA FOIRNE CEADAITHE SA tSEIRBHÍS PROMHAIDH 2007, 2008 & 2009.				
CATAGÓR	**GRÁD**	**2007**	**2008**	**2009**
Foirmeann Ghairmiúil				
	Stiúrthóir	1	1	**1**
	Leas-Stiúrthóir	3	3	**3**
	Stiúrthóir Cúnta	2	2	**2**
	Leas-Príomhoifigeach Phromhaidh	12	12	**12**
	Oifigeach Phromhaidh Shinsearach	57	57	**57**
	Oifigeach Phromhaidh	266	266	**266**
	Cuntóir na Seirbhíse Promhaidh	10	10	**10**
Foireann Riaracháin				
	Leas-Phríomhoide	2	2	**2**
	Cuntasóir	1	1	**1**
	Oifigeach Fheidhmiúcháin Shinsearach	7	7	**7**
	Oifigeach Fheidhmiúcháin	12.5	12.5	**12.5**
	Oifigeach Chléireachais	67	67	**67**
	Oifigeach Sheirbhíse	4	4	**4**
Foireann Tionsclaíoch an Stáit				
	Maoirseoir Seirbhíse Pobail	55	55	**55**

Aguisín 2 – Airgeadais

RÁITEAS AIRGEADAIS IONCAM AGUS CAITEACHAS 2009					
		SOLÁTHAR BUISÉADACH	**TÁIRGEACHT SHEALADACH**	**COIGILTIS**	**BARRACHAS**
		€000	€000	€000	€000
VÓTA 19	**EANÁIR-NOLLAIG 2009**				
H1	Tuarastail, Pánna agus Liúntais	25,437	24,723	714	
H2	Oibríochtaí (Taisteal, Post & Teileachumarsáid, Foirgnimh Oifiege, Innealra Oifige)	5,914	5,302	612	
H3	Seirbhísí do Chiontóirí				
	Cabhair d'Eagraíochtaí Deonacha (Reatha)	13,501	13,579		78
	Ionaid Phromhaidh (Caipiteal)	4,500	2,892	1,608	
H4	Scéim um Ordú Seirbhíse Pobail	2,444	2,590		146
	IOMLÁIN	51,796	49,086	2,934	224

RÁITEAS AIRGEADAIS IONCAM AGUS CAITEACHAS 2008					
		SOLÁTHAR BUISÉADACH	TÁIRGEACHT SHEALADACH	COIGILTIS	BARRACHAS
		€000	€000	€000	€000
VÓTA 19	**EANÁIR-NOLLAIG 2008**				
H1	Tuarastail, Pánna agus Liúntais	25,635	24,879	756	
H2	Oibríochtaí (Taisteal, Post & Teileachumarsáid, Foirgnimh Oifiege, Innealra Oifige)	6,566	7,869		1.303
	Seirbhísí do Chiontóirí				
	Cabhair d'Eagraíochtaí Deonacha (Reatha)	14,393	14,872		479
	Ionaid Phromhaidh (Caipiteal)	5,000	1,778	3,222	
H4	Scéim um Ordú Seirbhíse Pobail	2,425	2,587		162
	IOMLÁIN	54,019	51,985	3,978	1,944

An Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Solathraítear an t-eolas seo a leanas de réir treoirlínte an Achta a d'eisigh an Rionn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Phromhaidh chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den spriocam reachtúil. Cé gur ndearnadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh leis an Acht a chinntiú, ní soláthraíonn siad ach dearbhú réasúnta in ionad dearbhú daingean in aghaidh neamhchomhlíonadh ábharach an Achta.

Feidhmíonn na nósanna imeachta seo ar feadh na tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh in iúl do na soláthróirí bainteacha agus íocaíodh an t-ús dlite dóibh.

De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, soláthraítear an t-eolas seo a leanas maidir leis an tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2009:

(a) Cleachtais Íocaíochta

Déanann an tSeirbhís Phromhaidh íocaíocht de réi na dtéarmaí a sonraíodh sna sonraisc faoi seach i gconarthaí indibhidiúla, má's cuí. Ó 2002, ba ea 30 lá na téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Íocaíochtaí Déanacha		
Iomlán an Sonraisc	**Líon na Sonrasc**	**Iomlán an úis íochta**
Faoi €317	Nil	Nil
Thar €317	16	164.20
Iomlán	**16**	**164.20**

(c) Céadadán iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i gcompáráid le híocaíochtaí iomlána agus ús íomlán íochta. 0.23% is ea iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i gcomparáid le híocaíochtaí iomlána.

€164.20 is ea iomlán an úis íoctha maidir le híochaíochtaí déanacha.

Aguisín 3 – Gluais Téarmaíochtaí

MEASÚNEACHT

Soláthraíonn Oifigigh Phromhaidh seirbhís um mheasúnacht chiontóirí do Chúirteanna chun a chuidiú le cinntí píonóis, go háirithe nuair a ndéantar machnamh ar mhaoirseacht phromhaidh no sheirbhís phobail. Tá dhá shaghas tuarascáil um mheasúnachta chiontóirí:

TUARASCÁIL RÉAMH-CHEADA (PSR) Tugtar 'tuarascála promhaidh' orthu freisin, ag measúnú oiriúnachta do cheadú pobail agus cheisteanna a bhaineann le athchiontú a laghdú. Ag tógáil ar thorthaí mheasúnacht riosca structúrtha, imlíníonn tuarascála promhaidh na tosca búnúsacha san iompar coiriúil, dearcadh an chiontóra i leith na coire agus spreagadh chun athrú a dhéanamh, agus gníomh le déanamh chun a chuidiú le ciontú breise a chosc.

TUARASCÁIL MAIDIR LE SEIRBHÍS PHOBAIL (CSR) Déanann na tuarascála seo measúnacht ar óiriúnacht an chiontóra obair gan íocaíocht a dhéanamh sa phobal in ionad dul chuig príosún.

MAOIRSEACHT CIONTÓIRÍ

ORDUITHE PROMHAIDH

Tá orduithe phromhaidh ar cheann de réimse roghanna atá ar fáil do chúirteanna nuair a thabharfar breith ar dhaoine a fuireadh ciontach i gcion iompair coiriúla. Tugann ciontóirí gealltanas don chúirt go mbeidh siad dea-iomprach; go seachnaíonn siad tuilleadh coire; go gcomhlíonann siad le coinníollacha agus go gcloíonn siad le treoracha Oifigeach Phobhaidh mhaoirseachta a dhéanfaidh monatóireachta agus a gcuideoidh leo fanacht ó thrioblóid bhreise.

ORDUITHE NA SEIRBHÍSE POBAIL

In ionad breithe priosúin, d'fhéadfadh deis a thabhairt do chiontóirí ciontaithe thar 16 bliain d'aois ag an gCúirt obair gan íocaíocht a dhéanamh ar son an phobail. Ceadaíonn an reachtaíocht maidir le Orduithe na Seirbhíse Pobail Breitheamh breith idir 40 agus 240 uair oibre a thabhairt. Caithfear Ordú ar bith a chríochnú roimh deireadh bliana. Is malairt díreach í Seirbhís Phobail ar phíonós príosúin agus déanfaidh Breitheamh an t-Ordú nuair a rinneadh machnamh ar phíonós coimeádta ar dtús amháin.

MAOIRSEACHT LE LINN IARCHUR PÍONÓIS

Is cleachtas breithiúnach í maoirseacht le linn iarchur píonóis trínar dtéann an Chúirt i gceann machnamh a dhéanamh ar an bpíonós cuí ach ina ionad sin cuireann sí an cinneadh ar atráth go dáta níos déanaí, ar choinníoll go bhfreagraíonn do mhaoirseacht oifigeach phromhaidh agus go seachnaíonn sé/sí athchóiríocht.

MAOIRSEACHT IAR-SCAOILTE

Faoi réir an Achta um Chiontóirí Gnéis, d'fhéadfadh Breithimh píonós thréimhse maoirseacht phromhaidh a thabhairt ar chiontóirí gnéis ciontaithe tar éis dóibh a scaoileadh ó phríosún. Déantar monatóireacht go dlúth ar na ciontóirí seo. Le linn maoirseachta, díríonn an t-Oifigeach Phromhaigh ar an gcoir a rinneadh agus a himpleachtaí maidir le sábháilteacht phoiblí, ag cuidiú leis an gciontóir an seaniompar cóiriúil a aithint mar fhadhb, tosca riosca a shainaithint agus straitéisí tacaíochtaí a fhorbairt agus chun a chinntiú nach bhfuil athchóiríocht a thuilleadh.

PÍONÓIS CHOINNÍOLLACHA FHIONRAITHE NÓ PÁIRTFHIONRAITHE

D'fhéadfadh breithimh cás a láimhseáil trí píonós fionraithe nó páirtfhionraithe a thabhairt le coinníollacha mhaoirseacht phromhaidh. Ciallaíonn seo gur féidir leis an mBreitheamh:

- píonós príosúin roinnt míonna nó blianta a éisiúnt; agus

- cuid nó gach cuid den bpíonós a chur ar fhionraí go ceann tréimhse, ar choinníoll go bhfanann an ciontóir faoi mhaoirseacht Oifigeach Phromhaidh go ceann na tréimhse sonraithe dá bhfuil an píonós coimeádta fionraithe.

SCAOILEADH SEALADACH MAOIRSITHE

Déanann an tSeirbhís Phromhaidh maoirseacht ar roinnt príosúnaidh ar scaoileadh sealadach ó choimeád (dá soláthraítear san Acht um Cheartas Coiriúil, 1960 agus san Acht um Scaoileadh Sealadach, 2003) sa phobal le coinníollacha sonraithe dírithe ar chuidiú lena n-athimeascadh sa phobal agus chun thuilleadh ciontíochta a sheachaint. Tá oibleagáid ar príosúnaigh phíonós na beatha scaoilte sa phobal comhoibriú agus cloígh le maoirseacht na Seirbhíse Promhaidh ar scaoileadh sealadach. Bíonn na príosúnaigh seo, de ghnáth, faoi réir mhaoirseacht ar feadh a mbeathaí.

DAOINE ÓGA

Chomh maith leis an méid thuasluaite, tá réimse diúscarthaí sonraithe do dhaoine óga a chiontaíonn á mbainistiú ag an tSeirbhís Phromhaidh, atá leagtha amach faoi réir an Achta na Leanaí 2001, arna leasú. Cuimsíonn seo comhdháil theaghlaigh. Tá Comhdháil Theaghlaigh bunaithe ar phrionsabail cheartais aisiríoch a chíallaíonn, go bunúsach, dochar déanta d'íospartaigh a leigheas, agus an ciontóir a bheith freagrach as a g(h)níomharthaí. Tá sé mar aidhm ag an gComhdháil Theaghlaigh an duine óg a ghlac freagracht as a (h)iompar a chlaonadh ó chúirt, ciontú agus coimeád, agus ó thuilleadh ciontuithe a dhéanamh.

GNÍOMHAÍOCHT A DHÉANTAR I gCÁS NEAMHCHOMHLÍONTA LE ORDUITHE CHÚIRTE

I gcásanna nuair a theipeann le ciontóirí a chloígh le tearmaí ar bith de na horduithe mhaoirseachta thuasluaite, filltear go dtí an chúirt bhainteach chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí. D'fhéadfadh é seo a chuimsiú píonós malartach a chur, píonós coimeádta san áireamh.

Aguisín 4 – Staitisticí

Iomlán	2007	2008	2009
Iomlán na n-atreoruithe chúirte chun na Seirbhíse	9,451	9,999	9,675
Iomlán na ndaoine a atreoraíodh ó na cúirteanna	-	7,977	8,273

Chuimsigh Tuarascála Réamh-Cheada (6,280), Tuarascála Maidir le Seirbhís Phobail (1,712), Tuarascála Réamh-Cheada le Seirbhís Phobail (524), Atreoruithe le haghaidh Mhaoirseacht Díreach / Sheirbhís Díreach (1,127), Comhdháil Theaghlaigh (32) in Iomlán na n-Atreoruithe Chúirte chun na Seirbhíse (9,675) i 2009.

Tuarascála Measúnachta ar Chiontóirí arna n-iarraidh	2007	2008	2009
Tuarascála Réamh-cheada	6,445	7,034	6,280
Tuarascála Um Sheirbís Phobail	1,598	1,419	1, 712
